2025/128

24.1.2025

CINNEADH Uimh. 1/2025 Ó CHOMHCHOISTE AN AONTAIS EORPAIGH-NA hEILVÉISE

an 13 Eanáir 2025

lena leasaítear Táblaí III agus IV de Phrótacal 2 a ghabhann leis an gComhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Cónaidhm na hEilvéise an 22 Iúil 1972 [2025/128]

TÁ AN COMHCHOISTE,

Ag féachaint don Chomhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Cónaidhm na hEilvéise an 22 Iúil 1972 ([1]), arna leasú leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise an 26 Deireadh Fómhair 2004 lena leasaítear an Comhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Cónaidhm na hEilvéise an 22 Iúil 1972 a mhéid a bhaineann leis na forálacha is infheidhme maidir le táirgí talmhaíochta próiseáilte ([2]) ('Comhaontú'), agus go háirithe Airteagal 7 de Phrótacal 2 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 5(2) de Phrótacal 2 a ghabhann leis an gComhaontú, chuir an tAontas agus Cónaidhm na hEilvéise, ina gcáil mar Pháirtithe Conarthacha, praghsanna tagartha intíre na n-amhábhar uile a gcuirtear bearta cúitimh praghsanna i bhfeidhm ina leith ar fáil don Chomhchoiste, maidir leis an tréimhse tagartha 12 mhí ó mhí Mheán Fómhair 2023 go dtí mí Lúnasa 2024. Eascraíonn sé as na praghsanna sin go bhfuil athrú tagtha ar staid iarbhír na bpraghsanna maidir leis na hamhábhair sin i gcríoch na bPáirtithe Conarthacha.

(2) Is gá, dá bhrí sin, na praghsanna tagartha intíre agus na difríochtaí praghsanna d'amhábhair talmhaíochta a liostaítear i bPrótacal 2, Tábla III, a ghabhann leis an gComhaontú a thabhairt cothrom le dáta, chomh maith le bunmhéideanna na n-amhábhar talmhaíochta a liostaítear i dTábla IV den Phrótacal sin a oiriúnú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Prótacal 2 a ghabhann leis an gComhaontú mar a leanas:

(a) cuirtear an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad Thábla III;

(b) i dTábla IV, cuirtear an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad phointe (b).

Airteagal 2

Foilseofar an Cinneadh seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 300, 31.12.1972, lch. 189.
([2]) IO L 23, 26.1.2005, lch. 19.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 1 Feabhra 2025.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Eanáir 2025.

Thar ceann an Chomhchoiste
An Cathaoirleach
Marco DÜERKOP

IARSCRÍBHINN I

TÁBLA III

Praghsanna tagartha intíre an Aontais agus na hEilvéise

Amhábhar talmhaíochta	Praghas tagartha intíre na hEilvéise CHF in aghaidh an 100 kg glan	Praghas tagartha intíre an Aontais CHF in aghaidh an 100 kg glan	Airteagal 4(1) Curtha i bhfeidhm ar thaobh na hEilvéise Difríocht i bpraghas tagartha na hEilvéise /Praghas tagartha an Aontais CHF in aghaidh an 100 kg glan	Airteagal 3(3) Curtha i bhfeidhm ar thaobh an Aontais Difríocht i bpraghas tagartha na hEilvéise /Praghas tagartha an Aontais EUR in aghaidh an 100 kg glan
Cruithneacht bhog	60,35	20,93	39,40	0,00
Cruithneacht dúraim	—	—	1,20	0,00
Seagal	47,37	18,48	28,90	0,00
Eorna	—	—	—	—
Grán buí	—	—	—	—
Plúr cruithneachta boige	100,37	42,47	57,90	0,00
Púdar bainne iomláin	724,26	356,22	368,05	0,00
Púdar bainne bhearrtha	498,09	237,55	260,55	0,00
Im	1 247,15	556,88	690,25	0,00
Siúcra bán	—	—	—	—
Uibheacha	—	—	38,00	0,00
Prátaí úra	42,31	20,55	21,75	0,00
Saill phlandúil	—	—	170,00	0,00’

IARSCRÍBHINN II

‘(b) Méideanna bunúsacha le haghaidh amhábhair thalmhaíochta a chuirtear san áireamh chun na comhpháirteanna talmhaíochta a ríomh:

Amhábhar talmhaíochta	Bunmhéid i bhfeidhm ar thaobh na hEilvéise Airteagal 3(2)	Bunmhéid i bhfeidhm ar thaobh an Aontais Airteagal 4(2)
	CHF in aghaidh an 100 kg glan	EUR in aghaidh an 100 kg glan
Cruithneacht bhog	29,80	0,00
Cruithneacht dúraim	1,00	0,00
Seagal	22,75	0,00
Eorna	—	—
Grán buí	—	—
Plúr cruithneachta boige	47,20	0,00
Púdar bainne iomláin	299,95	0,00
Púdar bainne bhearrtha	212,35	0,00
Im	549,35	0,00
Siúcra bán	—	—
Uibheacha	30,95	0,00
Prátaí úra	15,75	0,00
Saill phlandúil	138,55	0,00’